COMHAD FÍRICÍ:
GCSE GAEILGE
Comhthéacs 5

Rewarding Learning

Litríocht na Gaeilge

Torthaí Foghlama

Sa chomhthéacs seo, ba cheart go mbeifeá ábalta:

- Ailt, dánta agus prós a léamh agus a phlé;
- Barúlacha agus smaointe a fhorbairt i dtaca le píosa litríochta agus tacú leis na barúlacha sin trí staidéar a dhéanamh ar an téacs;
- Tuiscint a léiriú ar an dóigh a ndéantar anailís ar phíosa litríochta;
- Cumarsáid scríofa a dhéanamh go h-éifeachtach agus Gaeilge chruinn a úsáid.

Ábhair Mholta

Gheobhaidh tú moltaí thíos faoin dóigh ar féidir leat tabhairt faoi phíosa litríochta, más é sin dan, prós nó alt nuachtáin atá i gceist. Níl ach smaointe i gceist leis na moltaí seo ach thig leat pointí eile a fhiosrú le do mhúinteoir ranga.

Ba chóir go bpléifí na rudaí seo a leanas;

- **Cad é an t-ábhar atá i gceist?**
  De ghnáth, bheadh an t-ábhar soiléir ón teideal nó ón chéad cúpla líne den phíosa.

- **Cad é atá an scríbhneoir ag iarraidh a rá linn?**
  Is dócha go bhfuil teachtaireacht nó téama áirithe ag baint leis an phíosa litríochta. Thiocfadh le níos mó ná téama amháin bheith ann. Nuair a bhíonn tú ag plé téama, is tábhachtach go ndéanann tú tagairt don téacs féin, mar shampla;

  'Is léir ón líne ….' 'go bhfuil an file ag smaoineamh siar ar a óige agus a ghrá don cheantar dúchais…'

An é go bhfuil comparáid idir an saol mar a bhí agus mar atá anois? B'fhéidir go bhfuil sé bunaithe ar ábhar a bhíonn go mór i mbéal an phobail sa lá atá inniu ann nó a spreagann díospóireacht.

- **Cad iad na mothúcháin a chuirtear os ár gcomhair?**
  Déan do mhachnamh ar an téacs arís – an bhfuil áthas, brón, uaigneas, fearg, cumha le mothú sa dán nó an bhfuil codarsnacht idir na véarsaí?

- **Más dán atá i gceist, cad iad na teicnící a bhíonn le feiceáil?**
  Mar shampla: athrá, uaim, áibhéil, codarsnacht, meafair, íomháineachas, siombalachas, onamataipé, comparáid.
  An bhfuil rím nó rithim leis (mall nó gasta)?

- **An bhfuil an píosa seo litríochta cosúil le rud ar bith eile atá léite agat?**
  Is féidir comparáid a dhéanamh idir dhá phíosa scríbhneoireachta, go háirithe agus tú ag ullmhú le haghaidh tasc rialaithe. Amharc ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir an dá phíosa. Seans go mbíonn alt amháin ag amharc ar thaobh áirithe den scéal agus alt eile agat atá dírithe ar an taobh eile de.

- **Cad é do bharúil féin air?**
  Bí cinnte go bhfuil tú in ann na barúlacha atá agat a léiriú go muiníneach. Seo roinnt frásaí a chuideoidh leat na barúlacha sin a léiriú:

  Sílim / Ní shílim…
  Ceapaim / Ní cheapaim…
  Measaim / Ní mheasaim…
  Is dóigh liom…
  Is é mo bharúil…
  Is é mo thuairim…
  Is léir…
  Is soiléir…
  Is follasach…
  Feictear dom…
  Is dócha / Ní dócha…
  Tá cuma ar an scéal…
  Is cosúil…
  Is léir don dall…
  Ní féidir a shéanadh…
  Tá a fhios ag madaí na sráide…
  Tá a fhios ag an saol agus a mháthair mhór…
  Is féidir a rá…
  Thiocfadh leat a rá…
  Cathfidh mé a rá…
  Caithfidh mé a admháil…
  Aontaím / Ní aontaím…
  Leis an fhírinne a rá / a dhéanamh, sílim…
  Déarfainn.
  Creidim / Ní chreidim…

1. **Abairtí úsáideacha le cuidiú leat leis an litríocht:**
   - Measaim féin.
   - Sílim féin.
   - Is é mo bharúil.
   - I mo thuairim.
   - Tá an teanga sa dán seo simplí ach éifeachtach, dar liom.
   - Sna dánta tugtar pictiúr dúinn…
   - Tugann an file léargas maith dúinn ar…
   - Seo téama iontach coitianta ag Ó Searcaigh ina chuid filíochta agus ní eisceacht ar bith é, “Portráid den Ghabha mar Ealaíontóir Óg”.
   - Is léir go bhfuil an file ag iarraidh orainn…
   - Baineann an file úsáid as teicnící ar an nós seo: uaim / rím / athrá / meafair agus cuireann sé sin béim mhór ar an bhrón agus ar an uaigneas a mhothaíonn sé.
   - Feictear dúinn go bhfuil…
   - Is follasach go bhfuil uaigneas mór ar an fhile.
   - Is léir don dall go bhfuil an file ag briseadh a chroí ag dul abhaile.
   - Tá téama an bhróin go mór idir lámha ag an fhile sa dán seo.
   - Ní féidir a shéanadh nach bhfuil sé ar a shuaimhneas san áit choimhthíoch seo.
   - Cuireann sé íomhánna brónacha uaigneacha romhainn.
   - Úsáideann sé Gaeilge atá simplí / ceolmhar ach éifeachtach.
   - Is cinnte go bhfuil sé ag tabhairt teachtaireacht dúinn faoi cé chomh brónach agus cé chomh huaigneach agus atá sé.
   - Léirítear dúinn sna dánta seo / sa dán “_____” …
   - Caithfidh mé a rá go ndeachaigh na dánta seo go mór i bhfeidhm orm go háirithe an dán “_____” mar …
   - Thaitin na dánta seo liom mar thiocfadh liom ionbhá a léiriú le Ó Néill agus le Ó Searcaigh.
   - Bhain mé taitneamh agus tairbhe as na dánta mar chuir sé go mór le mo chuid Gaeilge agus thiocfadh liom an brón agus an t-uaigneas a bhí ar na filí a thuiscint.
   - Is dócha go bhfuil ceacht le foghlaim againn go léir ó na dánta seo nach bhfuil aon tinteán mar do thinteán féin.
   - Is dóigh liom go gcronaíonn an file a thuismitheoirí rud bocht.

© CCEA 2018